C/2024/5759

24.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11687 — ALFI RE / PLAVI RE / PLANET KOPER)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5759)

1. An 13 Meán Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— ALFI RE, upravljanje alternativnih investicijskih skladov, d.o.o. ('ALFI RE', an tSlóivéin), faoi rialú deiridh Matjaž Filipič agus Bojan Kunovar), faoina ainm féin agus thar ceann chiste infheistíochta speisialta ALFI RE,

— ERSTE d.o.o. – društvo za upravljanje obveznim i dobrovoljnim mirovinskim fondovima ('ERSTE d.o.o.', an Chróit), faoi rialú Erste Group Bank AG ('Erste Group Bank', an Ostair),

— An t-ionad siopadóireachta Planet Koper, lonnaithe sa chathair cois farraige Koper sa tSlóivéin (dar seoladh Ankaranska cesta 2, 6000 Koper) ('Planet Koper').

Gheobhaidh ALFI RE agus ERSTE d.o.o. rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Planet Koper.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Déanann ALFI RE infheistíocht sa mhaoin tráchtála, ar maoin tráchtála í atá lonnaithe sa tSlóivéin agus sa Chróit den chuid is mó. Is cuid de Ghrúpa ALFI, grúpa réigiúnach de chistí infheistíochta malartacha é ALFI RE. Dá réir sin, tá Grúpa ALFI mar chuid de Ghrúpa Airgeadais KF, ina bhfuil cuideachtaí atá gníomhach i réimse an bhailithe fiachais agus an tuairiscithe creidmheasa, seirbhísiú iasachtaí neamhthuillmheacha, cuntasaíocht, comhairliúchán airgeadais agus luacháil, chomh maith le bainistiú cistí infheistíochta malartacha.

— Déanann ERSTE d.o.o. bainistiú ar chistí pinsin éigeantacha agus deonacha, agus is cuid de Ghrúpa ERSTE é, soláthraí seirbhísí sa bhaincéireacht miondíola agus chorparáideach, sna margaí caipitil, san earnáil phoiblí agus sa ghnó idirbhainc.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó Planet Koper ionad siopadóireachta ina bhfuil asraonta miondíola le brandaí áitiúla agus idirnáisiúnta, chomh maith le hollmhargadh, roghanna bialanna agus pictiúrlann.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11687 — ALFI RE / PLAVI RE / PLANET KOPER

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË